Dé Luain, an 24 Bealtaine, 2021

ELEATHANACH 385

Géag bhréagach

Feamainn

Deir eolaithe go bhfuil feamainn an-tábhachtach do dhaoine.

An raibh a fhios agat go bhfuil tú in ann bia a dhéanamh as feamainn?

Deir eolaithe go mbeimid ábalta oileán déanta as feamainn a chruthú. Cabhróidh sé sin le stop a chur le hathrú aeráide.

Agus is féidir géag bhréagach a chruthú as feamainn freisin.

Seo cúpla rud is féidir leat a dhéanamh i rith an tSamhraidh ó dhaltaí scoile Choláiste Mhuire:



1. Téigh ar siúlóid.
2. Féach ar scannán.
3. Léigh leabhar.
4. Pleanáil picnic.
5. Téigh amach ar do rothar agus caith clogad!
6. Aimsigh turas músaeim ar líne.
7. Éirigh níos aclaí.
8. Bailigh rudaí nádúrtha le haghaidh ealaíne.
9. Scríobh litreacha nó seol cártaí poist.
10. Bácáil arán banana!

Is pailneoirí iontacha iad na beacha!



Tithe na mBeach

I nGaelscoil Uí Fhiaich, i gContae Chill Dara, bhí Múinteoir Aisling agus rang a dó ag obair le Roinn Froebel agus le Stephen ó *Maynooth Green Campus* ar Lá na mBeach.

D'fhoghlaim na páistí faoi Rian na gCrann - *Tairseach Tree Trail* - in Ollscoil Mhá Nuad freisin. Tá eolas le fáil ansin mar gheall ar 9 gcrann Éireannacha.

Chruthaigh na páistí tithe beaga do bheacha. Is pailneoirí iontacha iad na beacha.

Is físeán greannmhar é seo faoi thábhacht na mbeach!
https://www.youtube.com/watch?v=y5bd2jNpuOc

Lá na mBeach Sona Daoibh!
bbbbbbzzzzzzzzzzzzzzzzzzzzzz

Ollscoil Mhá Nuad
Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,
Coláiste Mhuire, BÁC 7
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta